V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

PARLAIMINT NA hEORPA

Glao ar ranníocaíochtaí (Uimh. IX-2024/01)
'RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA'

(2023/C 230/10)

CLÁR

Leathanach

A. RÉAMHRÁ AGUS CREAT DLÍTHIÚIL 138

B. CUSPÓIR AN GHLAO 139

C. CUSPÓIR, CATAGÓIR AGUS FOIRM AN CHISTITHE 139

D. AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL 139

E. CEANGLAIS INGHLACTHACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS AR CHISTIÚ 139

F. CRITÉIR CHUN IARRATAIS AR CHISTIÚ A MHEAS 140

F.1 Critéir eisiaimh 140

F.2 Critéir incháilitheachta 140

F.3 Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin 140

G. RIALÚ COMHPHÁIRTEACH AG PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AG AN ÚDARÁS 141

H. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA 141

I. UAINIÚ 142

J. SONRAÍ PEARSANTA A NOCHTADH AGUS A PHRÓISEÁIL 142

K. FAISNÉIS EILE 143

IARSCRÍBHINN I — FOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ 144

IARSCRÍBHINN II — FOIRM AITHEANTAS AIRGEADAIS 145

IARSCRÍBHINN III — DEARBHÚ MAIDIR LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAILLE LE CRITÉIR EISIAIMH 146

IARSCRÍBHINN IV — FOIRM BUISÉID MHEASTA 147

A. **RÉAMHRÁ AGUS CREAT DLÍTHIÚIL**

1. Faoi Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar leibhéal na hEorpa le feasacht pholaitiúil a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl.

2. I gcomhréir le hAirteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus go háirithe na rialacha a bhaineann lena gcistiú. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), mar a leasaíodh ina dhiaidh sin.

3. De bhun Airteagal 17(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí.

4. Dá bhrí sin, tá an glao seo ar ranníocaíochtaí á sheoladh ag Parlaimint na hEorpa d'fhonn ranníocaíochtaí a dhámhachtain do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ('glao').

5. Sainítear an creat bunúsach dlí sna gníomhartha dlíthiúla seo a leanas:

   a) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

   b) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 1 Iúil 2019, lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([2]) ('Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019');

   c) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]) ('an Rialachán Airgeadais');

   d) Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hinneachar agus feidhmiú Chlár na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([4]);

   e) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2246 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2015 maidir le forálacha mionsonraithe i ndáil leis an uimhirchóras clárúcháin is infheidhme i ndáil le clár na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus le faisnéis arna soláthar ag sleachta caighdeánacha ón gclár ([5]);

   f) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ([6]).

   An 25 Samhain 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra ([7]) (athmhúnlú) le haghaidh rialacháin a chuirfear in ionad Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 agus togra ([8]) le haghaidh rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla. Ní fios dáta glactha na ngníomhartha sin ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le ceartúchán teicniúil ar an nglao sin chun gur féidir laon rialachán nua teacht i bhfeidhm.

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1. Foilsíodh dhá leasú in IO L 114 I, 4.5.2018, lch. 1, agus in IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 7.
([2]) IO C 249, 25.7.2019, lch. 2.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 333, 19.12.2015, lch. 50.
([5]) IO L 318, 4.12.2015, lch. 28.
([6]) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa mhí Mheán Fómhair 2023.
([7]) COM(2021) 734 final, 2021/0375(COD)
([8]) COM(2021)731 final, 2021/0381(COD)

B. **Cuspóir an ghlao**

6. Is é is cuspóir don ghlao seo cuireadh a thabhairt do pháirtithe polaitiúla Eorpacha cláraithe iarratais ar chistiú ó bhuiséad an Aontais ('iarratais ar chistiú') a chur isteach agus cineál an chaiteachais inaisíoctha a chinneadh agus Airteagal 25(1) de Rialachán Uimh. 1141/2014 agus Airteagal 224(5) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm.

C. **Cuspóir, catagóir agus foirm an chistithe**

7. Is é is cuspóir don chistiú tacú le gníomhaíochtaí agus cuspóirí reachtúla an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú ranníocaíochta atá le tabhairt i gcrích idir an páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus Parlaimint na hEorpa.

8. Is ionann catagóir an chistithe agus an ranníocaíocht le páirtithe polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal XI den Rialachán Airgeadais ('ranníocaíocht'). Tá an ranníocaíocht i bhfoirm aisíocaíochta ar chéatadán den chaiteachas inaisíoctha arna thabhú iarbhír.

9. Ní sháróidh an t-uasmhéid a íocfaidh Parlaimint na hEorpa leis an tairbhí 90 % den chaiteachas inaisíoctha arna léiriú sa bhuiséad measta ná 90 % den chaiteachas inaisíoctha a tabhaíodh iarbhír.

D. **an buiséad atá ar fáil**

10. Is ionann an cistiú atá beartaithe don bhliain airgeadais 2024 faoi Airteagal 402 de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa 'Cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha' agus EUR 50 000 000 arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa ina dréachtmh-eastacháin. Bunóidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí atá ar fáil agus atá le dáileadh sa bhuiséad formheasta deiridh don bhliain 2024.

E. **ceanglais inghlacthachta maidir le hiarratais ar Chistiú**

11. Beidh iarratais ar chistiú inghlactha más rud é

a) go gcuirtear isteach iad i scríbhinn agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais atá i gceangal leis an nglao seo, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta go léir a éilítear ann;

b) go bhfuil an gealltanas iontu, a chuirtear in iúl i scríbhinn tríd an bhfoirm dearbhaithe atá i gceangal leis an nglao seo a shíniú, go n-aontaíonn an t-iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha chomh maith leis na critéir eisiaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 1a a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019;

c) go bhfuil litir iontu ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlithiúla lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin thar ceann an iarratasóra;

d) go seoltar iad chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa **faoin 30 Meán Fómhair 2023,** mar chóip leictreonach nó mar chóip leictreonach (ina bhfuil síniú leictreonach cáilithe[1]) chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu. Ní mór doiciméid tacaíochta (go háirithe táblaí) a chur isteach i bhformáid inathraithe, Excel más féidir.

Má éilítear síniú, ní mór é a bheith lámhscríofa nó ríomhshínithe cáilithe (QES), agus ní mór QES a bheith i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ríomhaitheantas agus Seirbhísí Iontaobhais (eIDAS) ([9]).

Má dhéantar iarratais a thíolacadh go leictreonach agus má bhíonn sínithe lámhscríofa ar phíosaí áirithe doiciméadachta, coimeádfaidh an t-iarratasóir aon bhunchóip, arna iarraidh sin do sheirbhísí Pharlaimint na hEorpa, agus cuirfidh sé na bunchóipeanna sin chuig an seoladh fisiciúil seo a leanas:

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Faoi bhráid: An tUasal Didier Klethi, Ard-Stiúrthóir Airgeadais
ADENAUER 04T003
L-2929 Lucsamburg
LUCSAMBURG

Más rud é, de bhun Airteagal 4(2) den Chinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019, go n-iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ar an iarratasóir bundoiciméid tacaíochta nó soiléirithe a thíolacadh i bhfoirm páipéir maidir leis an iarratas, úsáidfidh an t-iarratasóir an seoladh fisiciúil a luaitear faoi roinn E, pointe11 Glactar freisin le ríomhdhoiciméid a shínítear leis an ríomhshíniú cáilithe agus seolfar chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil iad: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu a úsáidfear le haghaidh aon chomhfhreagras maidir leis an iarratas.

12. Féadfar diúltú d'iarratais a ndearnadh measúnú orthu mar iarratais neamhiomlána.

F. **Critéir chun iarratais ar chistiú a mheas**

F.1. **Critéir eisiaimh**

13. Déanfar iarratasóirí a eisiamh ón nós imeachta cistiúcháin, más rud é go bhfuil siad:

a) i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) nó in Airteagal 141(1) den Rialachán Airgeadais;

b) cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 142 den Rialachán Airgeadais;

c) faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1) agus in Airteagal 27(2)(a), pointí (v), (vi) agus (vii) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

F.2. **Critéir incháilitheachta**

14. Chun bheith incháilithe do chistiú ón Aontas, ní mór d'iarratasóirí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a chomhlíonadh, i.e. maidir leis an iarratasóir;

a) ní mór é a bheith cláraithe leis an Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([10]) ('an tÚdarás') i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

b) ní mór ionadaíocht a bheith aige ag 1 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa dá chuid ar a laghad i bParlaimint na hEorpa;

c) ní mór na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bheith á gcomhlíonadh aige, i.e. ní mór dó na ráitis airgeadais bhliantúla ([11]), an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí agus liosta na ndeontóirí agus na rannchuiditheoirí, mar atá sonraithe ann, a bheith curtha isteach aige;

d) ní mór dó na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 18(2a) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bheith á gcomhlíonadh, i.e. ní mór dó an fhianaise a chur isteach lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe ón Aontas Eorpach, mar riail, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, go ceann tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023.

15. Moltar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis maidir le cothromaíocht inscne a chur ar a suíomhanna gréasáin.

F.3. **Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin**

16. I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, déanfar na leithreasaí faoi seach atá ar fáil a dháileadh go bliantúil. Dáilfear iad ar na páirtithe polaitiúla Eorpacha ar formheasadh a n-iarratais ar chistiú i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta agus eisiaimh, ar bhonn na heochrach dáilte seo a leanas:

([10]) arna bhunú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.
([11]) Mura raibh an t-iarratasóir faoi réir an rialaithe faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 (mar shampla: nuachruthaithe)

a) dáilfear 10 % ina scaireanna comhionanna i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe,

b) dáilfear 90 % i measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe i gcomhréir lena sciar de chomhaltaí tofa Pharlaimint na hEorpa; de bhun17(3) de Rialachán (AE, Euratom) 1141/2014, ní dhéanfar Feisire de Pharlaimint na hEorpa a mheas ach mar chomhalta d'aon pháirtí polaitiúil Eorpach amháin, arb é, i gcás inarb ábhartha, an páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach lena bhfuil a pháirtí nó a páirtí polaitiúil náisiúnta nó réigiúnach cleamhnaithe ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais ar chistiú a chur isteach.

G. **rialú comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an údarás**

17. Foráiltear le hAirteagal 24(1) agus (2) ([12]) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 do rialú comhroinnte idir Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás.

18. Más rud é, de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, go bhfuil an tÚdarás inniúil chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin a rialú, cuirfidh Parlaimint na hEorpa na hiarratais ar chistiú ar aghaidh chuig an Údarás.

19. Ag gach céim den nós imeachta um dhámhachtain, leanfar de cheangal ar iarratasóirí faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 aon fhaisnéis is gá a sholáthar, arna iarraidh sin d'Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus don Údarás, chun na rialuithe a bhfuil sé freagrach astu a chur i gcrích. Féadfar a bheith ar áireamh leis sin, go háirithe, doiciméid nó soiléirithe sa bhreis ar na hiarratais ar mhaoiniú, atá le cur isteach san fhormáid a shonróidh an tÚdarás.

H. **Téarmaí agus coinníollacha**

20. Tá sé d'oibleagáid ar iarratasóirí fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoi aon athruithe maidir leis na doiciméid a thíolacfar nó maidir le haon fhaisnéis dá dtagraítear san iarratas laistigh de choicís ón athrú sin. In éagmais fógra den sórt sin, féadfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a thíolacfar, d'ainneoin aon fhaisnéis a sholáthrófar ag céim níos déanaí nó a fhoilseofar trí bhealaí eile.

21. Maidir leis an gcoinníoll go leanann an t-iarratasóir de na critéir maidir le maoiniú a chomhlíonadh, is ar an iarratasóir a bheidh an dualgas cruthúnais.

22. Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le cistiú ón Aontas atá le dámhachtain faoin nglao seo in Iarscríbhinn 1a a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019 agus sonraítear sa chomhaontú ranníocaíochta iad. Agus Airteagal 25(1) de Rialachán Uimh. 1141/2014, Airteagal 160(1) agus (2) agus Airteagal 226(2) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm, soiléirítear leis an nglao seo na téarmaí agus na coinníollacha sin mar a leanas: ní mór don chaiteachas atá le cumhdach leis an gcistiú a bhronntar faoin nglao seo na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

a. beartas pearsanra:

i. ba cheart na costais iomlána phearsanra a chomhordú go réasúnta i gcomparáid leis na costais oibríochtúla;

ii. cuirtear an plean foirne in oiriúint do na riachtanais eagraíochtúla agus oibríochtúla;

([12]) Airteagal 24(1) agus (2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 - Rialacha ginearálta maidir le rialú:

'1. Déanfar rialú ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheidhmiú i gcomhar leis an Údarás, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit inniúla.

2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, pointe (a), pointe (b), agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (a) go pointe (d) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1), Airteagal 9(5) agus (6), agus Airteagal 20, Airteagal 21 agus Airteagal 22.

Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith a gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.'

iii. is iad na comhlachtaí rialaithe iomchuí a dhéanann an cinneadh maidir le hearcú agus luach saothair, de réir reachtanna agus rialacha inmheánacha sonracha an tairbhí, bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar phrionsabail ghinearálta amhail trédhearcacht, cóir chomhionann, easpa coinbhleachta leasa;

iv. cuirtear na meánrátaí ar an margadh fostaíochta ábhartha san áireamh sna rátaí luacha saothair agus sna sochair imeallacha eile (más ann dóibh);

b. nósanna imeachta soláthair do chonarthaí os cionn EUR 60 000 in aghaidh an tsoláthraí:

i. ní mór critéir na nithe seo a leanas *inter alia* a bheith sna cuirí i scríbhinn chun tairiscintí a chur isteach (glao ar thairiscintí): critéir eisiaimh, critéir roghnúcháin (e.g. acmhainn íosta airgeadais agus theicniúil), critéir dhámhachtana (praghas agus cáilíocht nó praghas amháin) agus sonraíochtaí teicniúla (soláthairtí insoláthartha a bhfuiltear ag súil leo, etc.) nach mór do thairbhithe tairiscintí a mheasúnú ina leith; ní mór don ghlao ar thairiscintí a chur de cheangal ar thairgeoirí tairiscintí a sholáthar atá dátaithe, sínithe agus lena n-áirítear praghsanna in aghaidh an aonaid (más infheidhme), agus doiciméid tacaíochta eile lenar féidir na tairiscintí a chur i gcomparáid lena chéile;

ii. ní mór an glao ar thairiscintí a sheoladh/a fhoilsiú trí bhealaí iomchuí, chun scaipeadh leordhóthanach agus an comórtas is leithne is féidir a áirithiú; ní mór dóibh spriocdhátaí réasúnta a leagan síos (10 lá ar a laghad más féidir) chun iarratais/tairiscintí a chur isteach agus aon choinbhleacht leasa a sheachaint;

iii. ní mór an mheastóireacht ar na tairiscintí a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar síos sa ghlao ar thairiscintí; ní mór aird a tharraingt sa tuarascáil mheastóireachta ar bhuntáistí comparáideacha na tairisceana ar éirigh léi i gcomhréir leis na critéir sin; ní mór é a bheith sínithe agus dátaithe ag ionadaí/ionadaithe an tairbhí sa nós imeachta lena seachnófar aon choinbhleacht leasa;

iv. ní mór don dá pháirtí na conarthaí a shíniú agus a dhátú agus ní mór na téarmaí céanna a bheith iontu agus atá sa tairiscint; féadfar síntí a áireamh san fhad tréimhse, ach tá sé teoranta do 5 bliana san iomlán;

v. níor cheart deighilt shaorga conarthaí a úsáid chun dul timpeall ar na rialacha maidir le soláthar;

vi. ba cheart méid na fochonraitheoireachta a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus ní mór don fhochonraitheoir leanúint de bheith trédhearcach.

23. Glacfaidh gach iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 22thuas, tríd an bhfoirm dhearbhúcháin atá i gceangal leis an nglao seo a shíniú.

I. **uainiú**

24. Is é an 30 Meán Fómhair 2023 an spriocdháta chun na hiarratais ar chistiú a chur isteach.

25. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis dhúnadh an ghlao ar ranníocaíochtaí. Tar éis an chinnidh sin, cuirtear cinntí aonair arna síniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in iúl do na hiarratasóirí.

26. Táthar ag súil go bhfaighidh na hiarratasóirí a n-éireoidh leo an dréacht-chomhaontú ranníocaíochta i mí Eanáir 2024 lena shíniú. Féadfar an comhaontú ranníocaíochta a shíniú le ríomhshíniú cáilithe (QES) arna iarraidh sin. Tar éis don chomhaontú a bheith sínithe, íocfar an réamh-mhaoiniú i gcomhréir leis an sceideal a bhunaítear in Airteagal I.5. de.

J. **Sonraí pearsanta a nochtadh agus a phróiseáil**

27. Foilseoidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás, lena n-áirítear ar an idirlíon, faisnéis de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

28. Déanfar aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an ghlao seo a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ([13]) agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE agus de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE. Euratom) Uimh. 1141/2014.

29. Déanfar na sonraí sin a phróiseáil chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar chistiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá an méid sin gan dochar d'aistriú féideartha na sonraí sin chuig na comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíorúcháin agus iniúchóireachta a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais, amhail seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

30. Ar bhonn iarraidh i scríbhinn, féadfaidh aon duine nádúrtha a bhaineann leis an tairbhí rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta nó ar a sonraí pearsanta agus aon sonraí míchruinne nó neamhiomlána a cheartú. Féadfar an iarraidh maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa nó Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh an duine lena mbaineann, tráth ar bith, gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta.

31. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa sonraí pearsanta a chlárú sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh i gcás ina mbeadh an tairbhí i gceann de na cásanna a luaitear in Airteagal 136(1) agus in Airteagal 141 den Rialachán Airgeadais.

K. **Faisnéis eile**

32. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an nglao seo a sheoladh trí ríomhphost, agus tagairt an fhoilseacháin á lua, chuig an seoladh ríomhphoist feidhmiúil seo: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu

33. An reachtaíocht bhunúsach a shonraítear i mír5(b) den ghlao seo agus an fhoirm iarratais ar mhaoiniú atá i gceangal leis an nglao seo, tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa (http://www.europarl.europa.eu/tenders/invitations.htm).

([13]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IARSCRÍBHINN I

FOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ

RANNÍOCAÍOCHTAÍ [1] LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA

DON BHLIAIN AIRGEADAIS [**CUIR ISTEACH**]

Tá [Cuir isteach ainm an iarratasóra], ag a bhfuil [cuir isteach ainm an ionadaí/na n-ionadaithe] mar ionadaí dlíthiúil/ionadaithe dlíthiúla, ag déanamh iarratas leis seo ar chistiú don bhliain airgeadais 2024 faoi ghlao Uimh. IX-2024/01 ar mhéid [cuir isteach an méid], agus ag deimhniú go bhfuil na doiciméid seo a leanas á gcur ar fáil leis an iarratas.

Uimhir an doiciméid:	Doiciméid atá le soláthar
1.	Litir ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlíthiúla lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin nó uathu féin thar ceann an iarratasóra
2.	Liosta de na daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ar an eagraíocht is iarratasóir, amhail an tUachtarán, comhaltaí an Bhoird, an tArd-Rúnaí, an Cisteoir [2]
3.	Cruthúnas ar chlárú ag an Údarás ar dháta an iarratais ar chistiú (i gcás iarratasóirí nach bhfuil an cinneadh le haghaidh clárúcháin ar fáil go fóill ina leith, i.e. nár foilsíodh fós ar shuíomh gréasáin an Údaráis ná san Iris Oifigiúil), agus dóibh siúd amháin,
4.	Liosta dá Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, le cruthúnas cothrom le dáta ar bhallraíocht agus ina leagtar amach ainm, tír thionscnaimh, cleamhnacht dhíreach nó indíreach leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach [3] agus ainm an pháirtí náisiúnta nó réigiúnaigh ábhartha (más infheidhme) [4]
5.	Fianaise lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe ón Aontas Eorpach, mar riail, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, go ceann tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023.
6.	Na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí a d'ullmhaigh cuntasóir gairmiúil (i gcás iarratasóir nua nach bhféadfadh na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE, Euratom) 1141/2014 a chomhlíonadh, agus sa chás sin amháin)
7.	Liosta de na heintitis chomhlachaithe a bhfuil sé beartaithe ag an tairbhí tacaíocht airgeadais a dheonú dóibh le haghaidh na bliana airgeadais 2024, lena n-áirítear airteagail ábhartha a Reachtanna
8.	Foirm aitheantais airgeadais (i gcás iarratasóir nua amháin, nó i gcás athruithe ar ainm, seoladh nó cuntas bainc)
9.	Dearbhú maidir le téarmaí agus coinníollacha ginearálta maille le critéir eisiaimh
10.	Buiséad measta (comhardaithe)

Dáta agus áit; Síniú/Sínithe:

---

[1] Is ionann catagóir an chistithe agus an ranníocaíocht le páirtithe polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal XI den Rialachán Airgeadais (IO L 193, 30.7.2018. lch. 1).

[2] Maidir le forálacha ábhartha reachtanna an iarratasóra, i gcás inarb infheidhme.

[3] I gcás Feisirí atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach *go díreach* ar bhonn aonair, ní mór foirm bhallraíochta ó gach Feisire de na Feisirí a éilíonn an t-iarratasóir a chur ar fáil. I gcás Feisirí atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach *go hindíreach* trína mballpháirtí, tá na doiciméid seo a leanas riachtanach: foirm bhallraíochta do gach ballpháirtí, arna síniú ag duine atá údaraithe go dlíthiúil ionadaíocht a dhéanamh ar an mballpháirtí sin nó, mar mhalairt air sin, cruthúnas gur íocadh táille bhallraíochta 2023 i bhfoirm aistriú bainc a eascraíonn ó gach ballpháirtí nó, mar mhalairt air sin, foirm bhallraíochta ó gach ceann de na Feisirí a éilíonn an t-iarratasóir. Is féidir foirmeacha ballraíochta d'Fheisirí agus do bhallpháirtithe a iarraidh ar an Údarás.

[4] Má chuir páirtí polaitiúil Eorpach cuid de na doiciméid atá sainaitheanta thuas ar fáil don Údarás le déanaí, ní iarrfaidh PE an doiciméadacht sin a thabhairt ar aird arís. Tá sé de dhualgas, áfach, go leagfadh gach iarratasóir amach go soiléir ina iarratas cad iad na doiciméid a sholáthair sé don Údarás agus cathain a chuir sé ar fáil iad.

IARSCRÍBHINN II

FOIRM AITHEANTAS AIRGEADAIS

EINTITEAS DLÍTHEANACH - FOIRM AITHEANTAIS AIRGEADAIS
CUIDEACHTA PHRÍOBHÁIDEACH

Teideal / FOIRM DHLÍTHIÚIL

AINM(NEACHA)

GIORRÚCHÁN

SEOLADH Sráid

Uimhir

Postchód

Baile / Cathair

Tír

Uimhir CBL

ÁIT AN CHLÁRÚCHÁIN

/ /

TEILEAFÓN

FACS

RÍOMHPHOST

Ní mór a cheangal leis seo: cóip de dhoiciméad oifigiúil éigin a thaispeánann ainm an eintitis dhlítheanaigh, an seoladh cláraithe, an uimhir CBL agus an uimhir chláraithe a fuarthas ó na húdaráis náisiúnta.

AINM AN CHUNTAIS

AINM AN CHUNTAIS
(An t-ainm faoinar osclaíodh an cuntas)

SEOLADH Sráid

Uimhir

Postchód

Baile / Cathair

Tír

BANC

IBAN

(Ní mór é seo a chomhlánú más ann do Chód IBAN sa tír ina bhfuil do bhanc bunaithe)

CÓD SWIFT (BIC)

AIRGEADRA

UIMHIR AN CHUNTAIS
(Formáid Náisiúnta)

AINM AN BHAINC

SEOLADH Sráid

Uimhir

Postchód

Baile / Cathair

Tír

STAMPA AN BHAINC + SÍNIÚ IONADAÍ AN BHAINC * :

DÁTA + SÍNIÚ SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS
(Éigeantach)

*** B'fhearr dá gcuirfí cóip de ráiteas bainc a eisíodh le déanaí i gceangal leis seo. Meabhraítear duit go gcaithfidh an fhaisnéis go léir atá liostaithe faoi 'AINM AN CHUNTAIS' agus 'BANC' a bheith ar an ráiteas bainc. Sa chás go ndéantar é seo, níl gá le stampa an bhainc agus síniú ionadaí an bhainc. Ní mór do shealbhóir an chuntais an fhoirm a shíniú i ngach cás.**

IARSCRÍBHINN III

DEARBHÚ MAIDIR LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAILLE LE CRITÉIR EISIAIMH

Déanaimse/Déanaimidne, a bhfuil mo shíniú/ár sínithe anseo thíos, ionadaí dlíthiúil/ionadaithe dlíthiúla [cuir isteach ainm an iarratasóra] a dheimhniú:

— go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i nglao IX-2024/01, mar aon leis na Téarmaí agus Coinníollacha mar a leagtar síos sa samhail-chomhaontú ranníocaíochta léite agam/againn agus go nglacaim/nglacaimid leo,

— nach bhfuil an t-iarratasóir i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 136(1)(*) agus 141(*) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Airgeadais') ([1]),

— nach bhfuil an t-iarratasóir faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1)(*) agus i bpointí (v), (vi) agus (vii) d'Airteagal 27(2)(a)(*) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

— go ngeallann an t-iarratasóir go gcomhlíonfaidh sé/sí forálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise a dhéanann an staid san Úcráin a dhíchobhsú agus Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise a dhéanann an staid san Úcráin a dhíchobhsú,

— nach rachaidh an t-iarratasóir i gcaidreamh conarthach le heintitis (lena n-áirítear a bhfochonraitheoirí) nach gcomhlíonann na forálacha a shonraítear i bpointí urchair 2, 3 agus 4,

— go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas seo agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis cruinn agus nach ndearnadh aon fhaisnéis a choinneáil siar, go hiomlán ná go páirteach, ó Pharlaimint na hEorpa.

Síniú/Sínithe údaraithe:

Ainm(neacha) agus Feidhm(eanna) Áit/Dáta: Síniú/Sínithe:

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1.

IARSCRÍBHINN IV

FOIRM BUISÉID MHEASTA

CAITEACHAS				
			2024 Buiséad	2024 Iarbhír
A. CAITEACHAS INAISÍOCTHA	**A.1.**	**Costais phearsanra**	**0,00**	**0,00**
	A.1.1.	Tuarastail agus a gcoibhéis [1]		
	A.1.2.	Ranníocaíochtaí		
	A.1.3.	Oiliúint ghairmiúil		
	A.1.4.	Speansais mhisin na foirne		
	A.1.5.	Costais eile phearsanra		
	A.2.	**Costais bhonneagair agus oibriúcháin**	**0,00**	**0,00**
	A.2.1.	Cíos, muirir agus costais chothabhála		
	A.2.2.	Costais a bhaineann le trealamh a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil		
	A.2.3.	Dímheas maoine sochorraithe agus dochorraithe		
	A.2.4.	Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige		
	A.2.5.	Muirir phoist agus theileachumarsáide		
	A.2.6.	Costais chlódóireachta, aistriúcháin agus atáirgthe		
	A.2.7.	Costais eile bhonneagair		
	A.3.	**Costais riaracháin**	**0,00**	**0,00**
	A.3.1.	Costais doiciméadachta (nuachtáin, gníomhaireachtaí preasa, bunachair sonraí)		
	A.3.2.	Costais ar staidéir agus taighde		
	A.3.3.	Costais dlí		
	A.3.4.	Costais chuntasaíochta agus iniúchta		
	A.3.5.	Costais ilghnéitheacha riaracháin		
	A.3.6.	Tacaíocht d'eintitis chomhlachaithe		
	A.4.	**Costais cruinnithe agus ionadaíochta**	**0,00**	**0,00**
	A.4.1.	Costais cruinnithe		
	A.4.2.	Rannpháirtíocht i seimineáir agus comhdhálacha		
	A.4.3.	Costais ionadaíochta		
	A.4.4.	Costais cuirí		
	A.4.5.	Aon chostais eile a bhaineann le cruinnithe		
	A.5.	**Costais faisnéise agus foilsitheoireachta**	**0,00**	**0,00**
	A.5.1.	Costais foilsitheoireachta		
	A.5.2.	Suíomhanna idirlín agus meáin shóisialta a chruthú agus a oibriú		
	A.5.3.	Costais phoiblíochta		
	A.5.4.	Trealamh cumarsáide (giuirléidí)		
	A.5.5.	Seimineáir agus taispeántais		
	A.5.6.	Feachtais toghcháin		
	A.5.7.	Costais eile a bhaineann le faisnéis		
		CAITEACHAS IOMLÁN INAISÍOCTHA	**0,00**	**0,00**
B. CAITEACHAS NEAMH-INAISÍOCTHA	**B.1.**	**Leithdháileadh ar fhorálacha eile**		
	B.2.	**Muirir airgeadais**		
	B.3.	**Caillteanais mhalairte**		
	B.4.	**Éilimh amhrasacha ar thríú páirtithe**		
	B.5.	**Eile (le sonrú)**		
	B.6.	**Ranníocaíochtaí comhchineáil**		
		CAITEACHAS IOMLÁN NEAMH-INAISÍOCTHA	**0,00**	**0,00**
C.	**CAITEACHAS IOMLÁN**		**0,00**	**0,00**

IONCAM				
			2024 Buiséad	2024 Iarbhír
D. CISTIÚ PE	**D.1.**	**Cistiú ó Pharlaimint na hEorpa**	**0,00**	**0,00**
	D.1.1.	Maoiniú ó Pharlaimint na hEorpa arna thabhairt anonn ó bhliain N-1 de réir mar atá sé ar fáil ag tús na bliana N		
	D.1.2.	Cistiú ó Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh (sealadach) /arna dhámhachtain (iarbhír) do bhliain N		
E. ACMHAINNÍ DÍLSE	**E.1.**	**Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí**	**0,00**	**0,00**
	E.1.1.	ó bhallpháirtithe		
	E.1.2.	ó chomhaltaí aonair		
	E.2.	**Deonacháin**	**0,00**	**0,00**
		(le sonrú)		
	E.3.	**Acmhainní dílse eile**	**0,00**	**0,00**
		(le sonrú)		
	E.4.	**Ranníocaíochtaí comhchineáil**		
		ACMHAINNÍ DÍLSE IOMLÁNA	**0,00**	**0,00**
F.	**IONCAM IOMLÁN**		**0,00**	**0,00**

G.	**CISTIÚ Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ARNA ÚSÁID CHUN 90 % DE CHAITEACHAS INAISÍOCTHA A CHUMHDACH I mBLIAIN N**	**0,00**	**0,00**
H.	**CISTIÚ Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ARNA THABHAIRT AR AGHAIDH CHUIG BLIAIN N+1**		
I.	**BRABÚS/CAILLTEANAS (le haghaidh sealadach: iarmhéid á léiriú, le haghaidh iarbhír: barrachas acmhainní dílse á léiriú)**	**0,00**	**0,00**
J.	**ACMHAINNÍ DÍLSE A LEITHDHÁILEADH AR AN gCUNTAS CÚLCHISTE**		
K.	**BRABÚS/CAILLTEANAS CHUN COMHLÍONADH RIAIL AN NEAMHBHRABÚIS A FHÍORÚ (I-J)**	**0,00**	**0,00**
L.	**ÚS Ó RÉAMH-MHAOINIÚ**		

[1] e.g. táillí, costais na mball foirne buan atá faoi chonradh seirbhíse, táillí oinigh na mball foirne buan (comhlachtaí rialaithe).